



PREASEISIÚINT Uimh. 46/26

Lucsamburg, 24 Márta 2026

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-767/23 | [Remling] ¹

Ní mór do chúirt náisiúnta céime deiridh údar a thabhairt le diúltú tarchur chun réamhrialú a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcónaí

Fiú má údaraítear do chúirt den sórt sin caingne a dhíbhe trí ráiteas achomair ar chúiseanna, ní mór di, i ngach cás, na cúiseanna a bhfuil feidhm ag ceann de na heisceachtaí ón oibleagáid tarchur chun réamhrialú a dhéanamh a leagan amach go sonrach agus go nithiúil

Sa chás seo, bhí ar an gCúirt rialú a thabhairt ar chomhoiriúnacht na féidearthachta, a thairgtear le dlí na hÍsiltíre do chúirt uachtarach, achomharc a dhíbhe ar bhonn réasúnaíocht achomair amháin. Bhí sé i gceist le reachtaíocht den sórt sin, ar mhaithe le riaradh cuí an cheartais, fad na n-imeachtaí cúirte a laghdú agus a chur ar chumas na cúirte sin níos mó ama a chaitheamh ar chásanna tábhachtacha. Tar éis di béim a leagan ar ról bunúsach an nós imeachta um réamhrialú i gcoiteann agus ar an oibleagáid tarchur chun réamhrialú a dhéanamh, go háirithe do chóras breithiúnach an Aontais Eorpaigh, meabhraíonn an Chúirt go bhfuil cúirt uachtarach faoi réir oibleagáid tarchur chun réamhrialú a dhéanamh, nach féidir í a scaoileadh uaithi ach i dtrí chás: i gcás nach raibh an cheist a ardaíodh maidir le dlí an Aontais ábhartha, i gcás ina raibh léiriú déanta cheana féin ag an gCúirt ar an bhforáil de dhlí an Aontais atá i gceist, nó, ar deireadh, i gcás ina raibh an léiriú sin ceangailteach, rud a fhágann nach raibh aon amhras réasúnach ann. I gcás ina measann cúirt uachtarach go bhfuil sé i gceann de na trí chás sin, ní mór di údar a thabhairt lena diúltú tarchur chuig an gCúirt a lua, agus, i ngach cás, go sonrach agus go nithiúil, na cúiseanna a leagan amach nach gá, dar léi, ceist a tharchur chuig an gCúirt. Féadfaidh cúirt den sórt sin, i ndáil leis sin, na forais ar a bhfuil an chúirt íochtarach ag brath sa díospóid lena mbaineann a oiriúnú di féin, ar choinníoll gur leag an chúirt íochtarach sin amach na cúiseanna ar mheas sí nár tháinig an cás laistigh de cheann de na trí chás dá dtagraítear thuas.

Rinne náisiúnach de chuid Mharacó, a bhfuil a bhean chéile agus a leanaí ina gcónaí san Ísiltír agus a bhfuil náisiúntacht na hÍsiltíre acu, iarratas san Ísiltír ar chead cónaithe a bheadh bailí ar fud chríoch an Aontais Eorpaigh. Ós rud é gur diúltaíodh don iarratas sin ar an bhforas go raibh cead cónaithe aige cheana féin sa Spáinn, thug sé caingean os comhair chúirt na Háige, ina suí di in Utrecht (an Ísiltír). Ós rud é gur díbheadh don chaingean sin freisin, rinne sé achomharc chuig Comhairle Stáit na hÍsiltíre. Measann an chúirt sin go bhfuil an freagra ar an gceist maidir le léiriú dhlí an Aontais a d'ardaigh saoránach Mharacó soiléir ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais. Dá réir sin, ní cheanglaítear uirthi tarchur chun réamhrialú a dhéanamh agus féadfaidh sí rialú a dhéanamh le ráiteas achomair ar chúiseanna.

Foráiltear don cheart sin chun ráiteas achomair ar chúiseanna a úsáid sa dlí náisiúnta maidir le náisiúnaigh eachtracha. Léiríonn sé an chothromaíocht a bhí beartaithe ag reachtas na hÍsiltíre idir an mhian ginearálú a dhéanamh ar an bhféidearthacht achomharc a thaisceadh in aon chás a bhaineann leis an dlí inimirce agus an gá atá ann cead a thabhairt don Chomhairle Stáit a scrúdú a dhíriú ar na ceistanna lena n-éilítear freagra ar mhaithe le haontacht an dlí, forbairt an dlí nó cosaint bhreithiúnach i gcoitinne.

Sa chomhthéacs sin, chinn an Chomhairle Stáit, a cheistíonn an gá di na cúiseanna nach measann sí go gceanglaítear uirthi tarchur chun réamhrialú a dhéanamh ar bhealach mionsonraithe, chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

Ina breithiúnas, meabhraíonn an Chúirt, ar an gcéad dul síos, go bhfuil sé d'oibleagáid ar chúirteanna náisiúnta nach bhfuil

aon leigheas breithiúnach ann in aghaidh a gcinntí tarchur chun réamhrialú a dhéanamh, ina bhfuil, áfach, trí eisceacht (easpa ábharthachta na ceiste a ardaíodh maidir le dlí an Aontais; cinneadh ón gCúirt a rinne léiriú cheana féin ar an riail de dhlí an Aontais atá i gceist, nó *acte clair* a bheith ann) ².

Dá bhrí sin, ag féachaint do **ról bunúsach an nós imeachta um réamhrialú i ndlíchóras an Aontais**, má chinneann cúirt den sórt sin gan tarchur a dhéanamh chuig an gCúirt faoi cheann de na heisceachtaí sin, ní mór **dá cinneadh, i ngach cás, na cúiseanna a lua agus, dá bhrí sin, i bhfianaise na n-imthosca fíorasacha agus dlíthiúla atá i gceist, na cúiseanna a bhfuil feidhm ag ceann de na trí eisceacht sin a leagan amach go sonrach agus go nithiúil.**

Ní athraítear é sin toisc go gceadaíonn Ballstát do chúirt ráiteas achomair ar chúiseanna a úsáid, chun dea-riarachán an cheartais a áirithiú trí fhad na n-imeachtaí cúirte a laghdú. Fiú i gcás den sórt sin, ceanglaítear ar chúirt uachtarach fós **a leagan amach, go sonrach agus go nithiúil, na cúiseanna a mheasann sí go bhfuil údar le mainneachtain tarchur chun réamhrialú a dhéanamh chuig an gCúirt Bhreithiúnais.**

I ndáil leis sin, féadfaidh cúirt uachtarach na forais ar a bhfuil an chúirt íochtarach ag brath sa díospóid lena mbaineann a oiriúnú di féin, gur leag an chúirt íochtarach sin amach na cúiseanna ar mheas sí nach raibh an cheist maidir le dlí an Aontais a ardaíodh ábhartha, nó go raibh léiriú déanta cheana féin ag an gCúirt ar an bhforáil de dhlí an Aontais atá i gceist, nó go raibh an léiriú sin soiléir sa chaoi nár fhág sé aon amhras réasúnach.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn d'fhóirainm aon pháirtí sna himeachtaí.

² Breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 1982, *Cilfit*, [C-283/81](#), agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Conorzio Italian Management agus Catania Multiservizi*, [C-561/19](#) (féach freisin preasráiteas [Uimh. 175/21](#)).